# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Fraincis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2015

## Fraincis – Gnáthleibhéal

## SCÉIM MHARCÁLA

*(lena haistriú go Gaeilge)*

Tabhair ar aird, le do thoil, agus na freagraí sa scéim mharcála seo á gcur ar fáil, go bhfuil feidhm leis na gnásanna seo a leanas:

- áit a bhfuil freagraí atá inghlactha liostaithe ar línte ar leithligh, cuirtear fleasc (-) roimh gach ceann acu
- úsáidtear slais (/) chun a léiriú go mbronntar an marc céanna ar an bhfocal nó ar an nath cainte atá roimhe agus a bhronntar ar an bhfocal nó ar an nath cainte atá ag teacht ina dhiaidh
- tagann réiltín (*) roimh fhreagraí áirithe nach bhfuil iomlán nó nach bhfuil ach leathcheart agus cuirtear lúibíní cruinne thart ar fhocail nó ar fhrásaí eangaithe nach bhfuil riachtanach chun lánmharcanna a bhaint amach.

Ní gá d'iarrthóirí an fhoclaíocht dhíreach atá sna réitigh atá molta sa scéim mharcála seo do Cheist 1, Ceist 2, Ceist 3 (8), Ceist 4 (8), agus don Triail Chluastuisceana a thabhairt.  Féadfaidh siad lánmharcanna a bhaint amach ach an bhrí chéanna a chur in iúl.

# Roinn I (160 marc)

**Ceist 1 – 40 marc**

Dhá fhreagra chearta ag teastáil le haghaidh 8 marc (7+1).

**La 'Duckface'** 8 marc

**1. (i) & (ii)** **Dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:

- Osclaíonn sé do shúile/ bíonn cuma níos fearr ar do shúile
- Ní bhíonn cuma ghránna riamh ort
- (Bíonn tú) seafóideach (uaireanta)

**Le selfie au soleil** 8 marc

**2.** - Daoine nach bhfuil ar laethanta saoire

**3.** - ar an trá/ sa ghaineamh/ ag déanamh bolg le gréin/ ag fáil dhath na gréine/ (grianghraf de do) c(h)osa

**Le selfie sans tête** 8 marc

**4. (i) & (ii)** **Dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:

- cóta/ seaicéad (leathair)
- léine/ blús (stríocach)
- sála (arda)/ bróga

**Le selfie au lit & de la musculation** 8 marc

**5.** - Maidin mhaith/ Dia duit/ Oíche mhaith a rá (leo)

**6.** - Buachaillí a bhíonn i mbun aclaíochta/ ag traenáil (i spórtlann 5 huaire/ 6 huaire in aghaidh na seachtaine)/ atá matánach

**Le selfie d'amitié** 8 marc

**7. (i)** - (Má ghlacann tú amuigh faoin aer é) aimsigh cúlra spéisiúil/ Déan cinnte go bhfuil sé spéisiúil

**(ii)** - (Má ghlacann tú i do sheomra (codlata) é) cuir slacht ar do sheomra (codlata) (ar dtús)

**Ceist 2 – 40 marc**

Dhá fhreagra chearta i ngach roinn ag teastáil le haghaidh 8 marc (7+1).

**Roinn 1** 8 marc

**1. (i)** - Saoránaigh (gach saoránach Francach) atá (os cionn) 18 mbliana d'aois

**(ii)** - Baill (gach ball) den AE atá ina gcónaí sa Fhrainc ar feadh 6 mhí (ar a laghad)

**Roinn 2** 8 marc

**2.** - A leath/ 50%

**3.** - Bíonn post eile acu (de ghnáth)/ (féin)f(h)ostaithe
- (Is minic gur) feirmeoirí (iad)/ Oibríonn siad sa talmhaíocht
- (Tá) ardoideachas/ oideachas ollscoile/ oideachas tríú leibhéal (orthu uaireanta)

**Roinn 3** 8 marc

**4.** - Ó dheas go clé/ Leis an dath gorm in uachtar a chaitear sais/ scairf an mhéara
- Leis an dath dearg in aice an mhuiníl a chaitear sais/ scairf seanadóra

**5.** - Ar feadh a saoil / dá fhad is mian leo/ go dtí a mbás/ ar feadh i bhfad

**Roinn 4** 8 marc

**6.** - Ionadaíocht a dhéanamh don stát
- Póstaí (a cheiliúradh) / Breitheanna / básanna a thaifeadeadh
- (A bheith i gceannas ar/ freastal ar) shearmanais phoiblí/ searmanais phoiblí (a stiúradh/ a bhainistiú)
- Foirgnimh phoiblí/ leabharlanna/ ospidéil a oscailt

**7.** - An praghas a bhíonn ar bhéilí

**Roinn 5** 8 marc

**8.** - Limistéar/ ceantar coisithe (a chur ar bun/ a chur isteach)

**9.** - Uisce (óil)

**Ceist 3 – 40 marc**

**Ná gearr níos mó ná 2 mharc mar phionós as ábhar nach mbaineann le hábhar**
**N.B. Má fhreagraítear ceisteanna 1-7 trí Bhéarla / Ghaeilge – ná ceadaigh ach leathmharcanna. Ná gearr pionós as dearmaid sa ghramadach áit a n-éilítear ionramháil. Nuair a bhíonn gá le hionramháil agus nuair a thugtar athfhriotal díreach, bain 1 mharc.**

**1.** - Il y a trente-trois ans (dans le village de Boeschèpe) — 4 mharc
- * J'ai grandi dans ……. Boeschèpe [abairt iomlán] — 2 mharc

**2.** - J'ai appris à cuisiner en regardant mon père travailler — 4 mharc
- * J'ai appris à cuisiner en regardant mon père — 3 mharc
- * en regardant mon père (travailler) — 3 mharc
- * (Ensuite) j'ai décide de passer un bac pro en cuisine — 3 mharc

**3.** - (Elle/ La Flandre se situe) le long de la frontière entre la France et La Belgique — 4 mharc
- * (située le long de la frontière) entre la France et la Belgique — 3 mharc
- * en France — 3 mharc
- * en Belgique — 3 mharc

**4. (i) & (ii)** **Dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas le haghaidh 7+1 marc:

- (Un) poulet (rôti)
- (Des) haricots (verts)
- (Quelques) pommes de terre

**5.** - (Car) il y avait une ambiance très sympa — 4 mharc
- * J'étais vraiment content car il …. très sympa — 3 mharc

**6.** - (c) — 4 mharc

**7.** - Il continue à rouler dans sa Peugeot 205 (rouge) — 4 mharc

**8. (i) & (ii)** Glac le **ceann amháin** ar bith de na pointí cearta seo a leanas le haghaidh: 4+4 mharc

<u>IS DÓIGH</u>:

- Ba mhór an eachtra dó é
- Bhí sé sona sásta agus é páirteach ann
- Bhí atmaisféar an-chairdiúil ann
- Bhí áthas air bualadh / gur bhuail sé leis na hiomaitheoirí eile
- Tá méadú tagtha ar a chuid gnó sa bhialann ó ghlac sé páirt ann
- Bíonn a bhialann lán gach lá anois ó craoladh an clár teilifíse.

Etc.

<u>NÍ DÓIGH</u>:

- B'ábhar mór díomá é gan a bhuachan
- Níor bhuaigh sé an comórtas
- Bhíothas dáiríre le linn na dtástálacha.

Etc.

**Glac le pointe bailí ar bith a bhfuil údar leis sa téacs.**
**Bronn leathmharcanna má tá cuid den fhreagra ceart.**

**Ceist 4 - 40 mharc**

**Ná gearr níos mó ná 2 mharc mar phionós as ábhar nach mbaineann le hábhar**
**N.B. Má fhreagraítear ceisteanna 1-7 trí Bhéarla / Ghaeilge – ná ceadaigh ach leathmharcanna. Ná gearr pionós as dearmaid sa ghramadach áit a n-éilítear ionramháil. Nuair a bhíonn gá le hionramháil agus nuair a thugtar athfhriotal díreach, bain 1 mharc.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | - | (Il était) dans la salle de bains | 4 mharc |
| **2.** | - | Dany est entré sans dire un mot | 4 mharc |
| | - | Mais Dany n'a pas répondu | 4 mharc |
| **3.** | - | Avant-hier | 4 mharc |
| | - | Vers 20 heures | 4 mharc |
| | - | Quand il est rentré à la maison (elle était absente) | 4 mharc |
| | | * Quand je suis rentré à la maison | 3 mharc |
| **4.** | - | Retrouvera | 4 mharc |
| | | * On retrouvera | 3 mharc |
| | | [Tabhair ar aird: Lúide 1 Mharc in aghaidh gach míre nach mbaineann le hábhar] | |

**5. (i) & (ii)** **Dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas le haghaidh 7+1 marc:

- Labiche/ il avait interrogé les voisins
- Labiche/ il avait interrogé le concierge de l'immeuble
- Labiche/ il avait (aussi) téléphoné dans les hôtels
- Labiche/ il avait (aussi) téléphoné dans les gares

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | - | Je ne donne mon numéro à personne | 4 mharc |
| | | * Je ne donne mon ………..l'a obtenu [abairt iomlán] | 3 mharc |
| | | * Je ne donne mon numéro | 3 mharc |
| | | * j'ignore comment il l'a obtenu | 3 mharc |
| **7.** | - | (d) | 4 mharc |

**8. (i) & (ii)** Glac le **ceann amháin** ar bith de na pointí cearta seo a leanas le haghaidh: 4+4 mharc

- Tá Catherine ar iarraidh ó arú inné
- Fágann sí nóta de ghnáth nuair a thiocfaidh sí ar ais go déanach, ach níor fhág an uair seo
- Cheap Dany gur imigh sí uaidh toisc nár thaitin a phost léi
- Fuarthas carr goidte a raibh a fáinne ann
- Ní raibh sí tigh a tuismitheoirí
- Ní raibh a fhios ag a máthair cá raibh sí
- Ní raibh a fhios ag a cuid comharsan/ ag cúramóir an bhloic árasán cá raibh sí
- Ní raibh eolas fúithi ag duine ar bith dar cheistigh Labiche
- Ní raibh aon tuairisc uirthi sna hóstáin ná sna stáisiúin traenach
- Coirpigh chontúirteacha a d'fhuadaigh í.

Etc.

**Glac le pointe bailí ar bith má tá údar leis sa téacs.**
**Bronn leathmharcanna má tá cuid den fhreagra ceart.**

## **Roinn II  (60 marc)**

Dhá thriail scríofa ar **30 marc an ceann**.  Ní ceadmhach d'iarrthóirí ach triail **amháin** a roghnú as gach ceann de na foranna A, B, C.

**Roinn A**

**(a) Na Bearnaí a líonadh – 30 marc**

10 mbearna ar **3 mharc an ceann**.

Má dhéantar athscríobh míchúramach, aicinn san áireamh, **bain 1 mharc**.  Glac le ceannlitreacha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | écrit | 6. | dit |
| 2. | voyage | 7. | parents |
| 3. | dernier | 8. | pas |
| 4. | ballon | 9. | avec |
| 5. | passer | 10. | de |

**OU / NÓ**

**(b)**

| | | |
|---|---|---|
| Ceist 1, 2, 3, 4, 5: | | 2 mharc an ceann = 10 marc |
| Ceist 1 | - | Sloinne – glac le sloinne réasúnta ar bith |
| Ceist 2 | - | Céadainm – glac le hainm réasúnta ar bith |
| Ceist 3 | - | Aois – glac le haois réasúnta ar bith |
| Ceist 4 | - | Áit bhreithe – glac le háit bhreithe chuí |
| Ceist 5 | - | Leibhéal Fraincise – glac le leibhéal ar bith |
| Ceist 6 – 9: | - | Iad a cheartú mar aonad = 20 marc |

4 thasc cumarsáide @ 3 mharc an ceann = 12 mharc.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1ú Catagóir | 0 - 2 | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | 3 | - | tá an teachtaireacht soiléir. |

N.B. Mura mbeidh an tasc cumarsáide déanta ar chor ar bith ní féidir aon mharcanna a bhronnadh as sainréim teanga, as stór focal ná as struchtúir.

**Teanga 8 Marc**

**1ú Catagóir**

0 – 2
- formhór na bhfoirceann ar na briathra, formhór na n-aimsirí, formhór na n-aontuithe mícheart;
- litriú mícheart ar fhormhór na bhfocal;
- gan tuiscint ar shainréim teanga.

**2ú Catagóir**

3 – 5
- foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, ceart níos minice ná mícheart;
- raon an stóir focal idir a bheith réasúnta agus go maith;
- leath na bhfocal ar a laghad litrithe i gceart;
- tuiscint éigin ar shainréim teanga.

**3ú Catagóir**

6 – 8
- foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, i gceart beagnach i gcónaí;
- raon an stóir focal an-mhaith;
- na focail go léir, beagnach, litrithe i gceart;
- tuiscint mhaith ar shainréim teanga.

**<u>Roinn B – Teachtaireacht / Cárta Poist</u>**

**(a) Teachtaireacht – 30 marc**

**<u>Cumarsáid = 15 mharc</u>**

3 thasc cumarsáide @ 5 mharc an ceann.
Déan neamhaird den leagan amach.

Fág an **teachtaireacht** seo a leanas do do chol ceathrar Thomas / Michelle a bhfuil tú ag fanacht leis / léi i bPáras. Abair:

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Gur bhuail tú lena c(h)ara Adrien / tar éis lóin inniu. |
| C2 | - | Nach bhfuil Adrien ábalta dul go dtí an dioscó / Dé Céadaoin seo chugainn. |
| C3 | - | Go dtiocfaidh sé go dtí an teach amárach / ag leathuair tar éis a naoi. |

**<u>Dhá phointe ag teastáil le haghaidh 5 mharc (3 +2)</u>**

| | | |
|---|---|---|
| 1ú Catagóir | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | - | tá an teachtaireacht soiléir. |

**<u>Teanga = 15 mharc</u>**

| | | |
|---|---|---|
| 0 – 5 | - | formhór na bhfoirceann ar na briathra, formhór na n-aimsirí, formhór na n-aontuithe mícheart; |
| | - | litriú mícheart ar fhormhór na bhfocal; |
| | - | gan tuiscint ar shainréim teanga. |
| 6 – 10 | - | foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, ceart níos minice ná mícheart; |
| | - | raon an stóir focal idir a bheith réasúnta agus go maith; |
| | - | leath na bhfocal ar a laghad litrithe i gceart; |
| 11 – 15 | - | foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, i gceart beagnach i gcónaí; |
| | - | raon an stóir focal an-mhaith; |
| | - | na focail go léir, beagnach, litrithe i gceart; |
| | - | tuiscint mhaith ar shainréim teanga. |

**OU / NÓ**

**(b) Cárta Poist – 30 marc**

**Cumarsáid = 15 mharc**

3 thasc cumarsáide @ 5 mharc an ceann.

Déan neamhaird den leagan amach.

Tá tú ag obair mar fhreastalaí sa Fhrainc. Scríobh cárta poist chuig do chara Georges / Odile agus abair:

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Go bhfuil na custaiméirí go deas, / agus go bhfuil an pá go maith. |
| C2 | - | Go bhfuil árasán beag ar cíos agat / in aice le lár na cathrach. |
| C3 | - | Go rachaidh tú go Lille Dé Máirt seo chugainn / chun roinnt siopadóireachta a dhéanamh. |

**Dhá phointe ag teastáil le 5 mharc a fháil (3 +2)**

| | | |
|---|---|---|
| 1ú Catagóir | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | - | tá an teachtaireacht soiléir. |

**Teanga = 15 mharc** - catagóirí mar atá in B (a) agus (b) thuas.

**<u>Roinn C – Dialann / Litir Fhoirmiúil</u>**

**(a) Dialann – 30 marc**

**<u>Cumarsáid = 15 mharc</u>**

3 thasc cumarsáide @ 5 mharc an ceann.

Níl aon mharcanna ar fáil ar leagan amach.

Tá tú ag déanamh na hArdteistiméireachta. Nótáil iad seo a leanas i do **dhialann**:

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Tá na scrúduithe furasta / agus tá tú an-sásta. |
| C2 | - | Bhí an Bhitheolaíocht inniu níos deacra / ná an Mhatamaitic. |
| C3 | - | Rachaidh tú a luí / go luath anocht. |

**<u>Dhá phointe ag teastáil le haghaidh 5 mharc (3 +2)</u>**

| | | |
|---|---|---|
| 1ú Catagóir | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | - | tá an teachtaireacht soiléir. |

**<u>Teanga = 15 mharc</u>** - catagóirí mar atá in B (a) agus (b) thuas.

**OU / NÓ**

**(b) Litir Fhoirmiúil – 30 marc**

| | | |
|---|---|---|
| Barr an leathanaigh | - | 3 mharc (Ní gá an Fhrainc a bheith sa seoladh) |
| An Fhoirmle don Deireadh | - | 3 mharc |

**Cumarsáid = 12 mharc**

3 thasc @ 4 mharc an ceann.

Scríobh litir **fhoirmiúil** chuig Mme Lucille Bourgin, 21 boulevard Jules Verne, 44300 Nantes. Abair sa **litir**:

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Gur mhaith leat obair mar au pair / an samhradh seo chugainn. |
| C2 | - | Gur thug do mhúinteoir Fraincise / a seoladh duit. |
| C3 | - | Go mbíonn tú ag obair go minic mar fheighlí leanaí / mar is breá leat leanaí |

**Is tusa Pádraig Ó Coileáin / Pádraigín Ní Choileáin, 16 Bóthar an Mhuilinn, Muileann gCearr, Co. na hIarmhí.**

**Dhá phointe ag teastáil le haghaidh 4 mharc (2 +2)**

**Cumarsáid = 12 mharc (4 x 3)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1ú Catagóir | 0 - 1 | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | 2 | - | tá an teachtaireacht soiléir. |

**Teanga = 12 mharc**

| | |
|---|---|
| 1ú Catagóir | 0 - 4 |
| 2ú Catagóir | 5 - 8 |
| 3ú Catagóir | 9 - 12 |

## Triail Chluastuisceana (100 marc)

**N.B. Ní gá d'iarrthóirí an fhoclaíocht dhíreach atá sna réitigh atá molta sa scéim mharcála seo a thabhairt. Féadfaidh siad lánmharcanna a bhaint amach as a bhfreagraí ach an bhrí cheart a thabhairt. Má thugtar freagra ceart agus freagra mícheart araon, bronn 0 marc.**

### Roinn I – 20 marc

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | (a) | 5 mharc |
| **2. (i)** | 11 chiliméadar | 5 mharc |
| **(ii)** | (d) | 5 mharc |
| **3.** | (d) | 5 mharc |

### Roinn II – 20 marc

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | - Thaistealaíodh sí<br>- San Eoraip<br>- Lena teaghlach | 5 mharc |
| **2.** | (b) | 5 mharc |
| **3.** | A/ fón/ guthán (póca) | 5 mharc |
| **4.** | (a) | 5 mharc |

**Roinn III – 20 marc**

| | | |
|---|---|---|
| **1. (i)** | An tseachtain seo chugainn/ (Ag deireadh na seachtaine seo chugainn)/ an deireadh seachtaine seo chugainn | 5 mharc |
| | * ag deireadh na seachtaine | 4 mharc |
| **(ii)** | (a) | 5 mharc |
| **2.** | (c) | 5 mharc |
| **3.** | An Ghréig | 5 mharc |

**Roinn IV – 20 marc**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | (d) | 5 mharc |
| **2.** | Cuireann sí glaoch uirthi/ ar Chantal gach oíche/ tráthnóna (féachaint an bhfuil sí ceart go leor) | 5 mharc |
| | * Cuireann sí glaoch uirthi/ ar Chantal | 4 mharc |
| **3.** | (d) | 5 mharc |
| **4.** | (c) | 5 mharc |

**Roinn V – 20 marc**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | (c) | 5 mharc |
| **2. (i)** | 11.45 (a.m.)/ Ceathrú chun a 12/ thart ar mheán lae | 5 mharc |
| | * Meán lae / 12.00 | 4 mharc |
| | * 11.45 p.m. / 23.45 | 0 marc |
| **(ii)** | (b) | 5 mharc |
| **3.** | An chéad Domhnach (de gach mí)/ uair sa mhí | 5 mharc |
| | * Dé Domhnaigh/ ar an Domhnach | 4 mharc |

# AGUISÍN 1

**Ceist C.  Cumas Scríofa**

**(b) Litir Fhoirmiúil:**

**Barr an Leathanaigh**

(a) Ainm agus seoladh an tseoltóra sa chúinne thuas ar chlé – an t-ainm ar an gcéad líne, uimhir agus sráid ar an dara líne, etc.
(b) Cathair / baile / sráidbhaile agus dáta (e.g. An Muileann gCearr, le 10 juin 2015) sa chúinne thuas ar dheis nó faoi.
(c) Díreach faoi bhun (b) ainm (nó teideal) an "destinataire" agus a seoladh.
(d) Cuir "Irlande" isteach.   Glac le "Ireland"/"Éire".

e.g. → An Muileann gCearr, le 10 juin 2015

Pádraig Ó Coileáin / Pádraigín Ní Choileáin,
16 Bóthar an Mhuilinn,
An Muileann gCearr,
Co. na hIarmhí,
Éire / Irlande.

Mme Lucille Bourgin,
21 boulevard Jules Verne,
44300 Nantes,
(France).

→ An Muileann gCearr, le 10 juin 2015

Madame,

**Barr an Leathanaigh / Foirmle don Deireadh**

| | | |
|---|---|---|
| 1 dearmad | - | déan neamhaird de. |
| 2 dhearmad | - | bain 1 mharc. |
| 3 dhearmad | - | bain 2 mharc. |

Níos mó ná 3 dhearmad – bronn 0.

Caith le haiceann mícheart amháin nó níos mó san fhoirmle don deireadh mar aon dearmad amháin.

**Deireadh foirmiúil riachtanach.**

**N.B.**

Má bhíonn an leagan amach ginearálta ceart ag an iarrthóir ar Bharr an Leathanaigh, ainneoin go leor dearmad – bronn **aon mharc amháin**.

**N.B.**

Mura mbeidh an tasc cumarsáide déanta ar chor ar bith ní féidir aon mharcanna a bhronnadh as shainréim teanga, as stór focal ná as struchtúir.

## AGUISÍN 2

# Scéim Mharcála Mhionathraithe

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- úsáid téipthaifeadáin.
- úsáid ríomhaire agus seiceálaí litrithe air.
- úsáid scríobhaí.
- tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.

Sa Fhraincis Ghnáthleibhéil san Ardteistiméireacht ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe.

**Cumas Scríofa:**

**Roinn A**

**(a) Tástáil Cloze**

Ná gearr pionós as dearmaid litrithe (lena n-áirítear gan aiceann a bheith istigh / aicinn mhíchearta) nuair a athscríobhann iarrthóir an focal atá in easnamh.

**(b) Eolas a chur isteach ar fhoirm**

Ceist 6 - 9: Marcáil mar cheithre thasc cumarsáide iad @ 5 mharc an ceann.

**Roinn B**

**(a) An Teachtaireacht**

An marc a bhronntar as an gCumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

**(b) Cárta Poist**

An marc a bhronntar as an gCumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

**Roinn C**

**(a) Dialann**

An marc a bhronntar as an gCumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

**(b) Litir Fhoirmiúil**

An marc a bhronntar as an gCumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

Ná gearr pionós ach oiread as litriú mícheart ná as aicinn atá mícheart sa leagan amach ag barr na Litreach Foirmiúla agus san fhoirmle don deireadh.

**AGUISÍN 3**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

## *Tábla C*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás an ábhair a leanas:

- **Teangacha Nua-Aimseartha – Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis & Iodáilis – Gnáthleibhéal Amháin**

### Iomlán: 320 Gnáthráta: 5%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 246 | 11 |
| 247 - 253 | 10 |
| 254 - 260 | 9 |
| 261 - 266 | 8 |
| 267 - 273 | 7 |
| 274 - 280 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 286 | 5 |
| 287 - 293 | 4 |
| 294 - 300 | 3 |
| 301 - 306 | 2 |
| 307 - 313 | 1 |
| 314 - 320 | 0 |

## **Réríomhaire le GRÁID a ríomh**

| **Grád (320)** | | **Raon Marcanna** |
|---|---|---|
| ***A*** | | 272 – 320 |
| ***B*** | | 224 – 271 |
| ***C*** | | 176 – 223 |
| ***D*** | | 128 – 175 |
| ***E*** | | 80 – 127 |
| ***F*** | | 32 – 79 |
| ***N/G*** | | 0 – 31 |

Leathanach Bán